An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0057/ 2019

**Chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí Bunscoileanna agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Boird Bhainistíochta nua i mBunscoileanna a thoghadh**

## 1. Ginearálta

Sula gceaptar Boird Bhainistíochta nua ón 1 Nollaig 2019, tá uasdátú déanta ag an Roinn ar an Lamhleabhar-Rialachais-do-Bhunscoileanna-2015-2019 i ndiaidh di dul i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar bhainistíocht scoile, tuismitheoirí agus múinteoirí **.**

Tá na forálacha nuashonraithe lena rialaítear comhdhéanamh, ceapadh agus feidhmiú na mBord Bainistíochta ag glacadh le hoifig ón 1 Nollaig 2019 leagtha amach anois sa **Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019 - 2023**.

Tá an **Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019 - 2023** foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie

Scaipfear deich gcóip den lámhleabhar ar gach bunscoil sna seachtainí amach romhainn. Ní mór cóip chrua a sholáthar do gach duine atá ceaptha ar an mBord Bainistíochta nua agus ní mór an dá chóip eile a sholáthar do Chumann na dTuismitheoirí.

Tá an Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna a foilsíodh in 2015 i bhfeidhm ar Bhoird reatha go dtí deireadh a dtéarma oifige an 30 Samhain 2019.

## 2. Boird nua a thoghadh

Ní mór na nósanna imeachta atá leagtha amach sa **Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019 - 2023** chun Boird nua a thoghadh a chur i bhfeidhm anois.

Is féidir go dtógfaidh an próiseas seo suas le huasmhéid 9 seachtaine ach is féidir é a thabhairt chun críche níos luaithe ag brath ar an rogha ar leith a roghnófar chun ainmnithigh na dtuismitheoirí a thoghadh nó nuair a théann an roghnúchán ar aghaidh gan dul i muinín toghcháin (.i. i gcás nach sáraíonn líon uasta na n-ainmnithe líon na n-áiteanna).

Tá an t-uasmhéid ama le haghaidh toghchán leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an gciorclán seo. Faoin gcreat ama seo glacfaidh gach Bord nua seilbh ar an oifig ón 1 Nollaig 2019. Rachaidh téarma gach Boird atá ag dul as oifig in éag an 30 Samhain 2019.

### 3. Ceisteanna

Má tá aon cheist agat , tar éis an ciorclán seo nó an **Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019 - 2023** a léamh, maidir leis an gciorclán nó leis an lámhleabhar, ba chóir iad seo a chur ar ríomhphost chuig an Roinn ag: schoolgovernance@education.gov.ie

Is féidir fiosruithe maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin do príomhoidí, mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanas speisialta (SNAanna) a sheoladh ar ríomhphost chuig: teachersna@education.gov.ie

### 4. Scaipeadh ciorclán

Ba chóir cóip den chiorclán seo a chur ar fáil do bhaill an Bhoird Bhainistíochta agus do phearsanra uile na scoile. Ba chóir cóip a chur ar fáil freisin do Chumann na dTuismitheoirí. Is féidir teacht ar an gciorclán agus an lámhleabhar seo ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
An Rannóg Rialachais Scoile

Meán Fómhair 2019

**AGUISÍN**

**Is é seo a leanas an fráma ama don toghachán do bhaill an Bhoird.**

(Baineann aon tagairt do laethanta le laethanta féilire, deireadh seachtainí san áireamh)

- Tréimhse 14 lá d'ionadaí an Phátrúin le dul i gcomhairle le Cumann na dTuismitheoirí faoin modh toghacháin d'ainmní/ainmnithe na dtuismitheoirí, liostaí a ullmhú (muna dtarlaíonn ag cruinniú), cuireadh a thabhairt d'ainmniúcháin agus ainmniúcháin a fháil.

- Tréimhse 7 lá chun toghacháin a eagrú d'ionadaí/ionadaithe na dtuismitheoirí (i.e. eolas faoi iarratasóirí le cur ar na páipéir bhallóide, ullmhú an pháipéir bhallóide agus a eisiúint).

- Tréimhse 7 lá (ar a mhéid) don dáta is déanaí le vótaí na dtuismitheoirí a fháil ar ais agus iad siúd a chomhaireamh go poiblí.

- Tréimhse 7 lá chun cruinniú na 6 ainmní chuig an mBord a thionól (is é sin, beirt ainmnithe an Phátrúin, an bheirt ainmnithe tuismitheora tofa, an t-ainmní múinteora tofa agus an príomhoide) chun beirt bhall bhreise a roghnú ón bPobal. I socrú rialachais roinnte tionóltar cruinniú na 9 n-ainmní chuig an mBord (is é sin, triúr ainmnithe an Phátrúin, an triúr ainmnithe tuismitheora tofa, an t-ainmní múinteora tofa agus príomhoidí an dá scoil) chun triúr ball breise a roghnú ón bPobal.

- 10 lá chun comhaontú a fháil agus chun ionadaithe a ainmniú (má tharlaíonn go ndiúltaíonn aon duine d'ainmnithe an phobail feidhmiú).

- 7 lá eile, sa chás sin amháin nuair a dhiúltaíonn na daoine a roghnaíodh ar dtús mar ainmnithe an phobail nó muna bhfuil comhaontú d'aonghuth – Féach Aguisín C den **Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019 – 2023.**

- Tréimhse 10 lá chun a chur in iúl láithreach don Phátrún faoi na hainmnithe chuig an mBord agus don Phátrún, ina dhiaidh sin, chun dearbhú an Phátrúin (atá ag Foirm 1 (Aguisín F roimhe seo) den **Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019 – 2023)** a chur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.